



NA RÉIGIÚIN IS FORIMEALLAÍ (RFANNA)

Tá bearta sonracha i bhfeidhm chun tacú le forbairt na réigiún is iargúlta san Aontas Eorpach, ar a dtugtar na réigiúin is forimeallaí: Guadalúip, Guáin na Fraince, La Réunion, Martinique agus Saint-Martin (an Fhrainc), na hAsóir agus Maidéara (an Phortaingéil), agus na hOileáin Chanáracha (an Spáinn). Is é an aidhm atá leis an tacaíocht sin ná na srianta a thagann as iargúlacht gheografach na réigiún sin a chúiteamh.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 349 agus Airteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CÚLRA

Tá cuid de chríocha Bhallstáit AE lonnaithe in áiteanna ar domhan atá i bhfad ón Eoraip. Bíonn ar na réigiúin sin, ar a dtugtar na réigiúin is forimeallaí (RFanna), dul i ngleic le roinnt deacrachtaí a bhaineann lena gcuid saintréithe geografacha, go háirithe: iargúlacht, oileánacht, méid bheag, tírdhreach crua agus aeráid chrua Tá siad spléach go heacnamaíoch ar chúpla táirge (táirgí talmhaíochta nó acmhainní nádúrtha go hiondúil). Is bac iad na tréithe sin ar a bhforbairt amach anseo.

Tá naoi réigiún fhorimeallacha ann faoi láthair:

- 5 roinn thar lear de chuid na Fraince – Martinique, Mayotte, Guadalúip, Guáin na Fraince agus La Réunion;
- 1 chomhphobal thar lear de chuid na Fraince – Saint-Martin;
- 2 réigiún féinrialaithe de chuid na Portaingéile – Maidéara agus na hAsóir;
- 1 chomhphobal féinrialaithe de chuid na Spáinne – na hOileáin Chanáracha.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ionann na réigiúin is forimeallaí agus tíortha agus críocha thar lear AE (TCTanna). Tá 25 TCT atá nasctha go bunreachtúil leis na Ballstáit seo a leanas: an Danmhairg, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe. Ní cuid den mhargadh aonair na TCTanna agus ní mór dóibh na hoibleagáidí a leagtar ar thríú tíortha ó thaobh na trádála de a chomhlíonadh, go háirithe rialacha tionscnaimh, caighdeáin sláinte agus sláinte plandaí agus bearta coimirce. Déantar cur síos ar chaidreamh comhlachais AE leis na TCTanna i gCinneadh 2013/755/AE ón gComhairle, a glacadh an 25 Samhain 2013. Le hAirteagal 355 de Chonradh Liospóin tugtar cead don Chomhairle Eorpach, ar thionscnamh an Bhallstáit lena mbaineann,



leasú a dhéanamh ar stádas tíre nó críche thar lear de chuid na Fraince, na Danmhairge nó na hÍsiltíre gan a bheith uirthi an Conradh a leasú. Go dtí deireadh 2011, mar shampla, bhí Saint-Barthélemy ar cheann de na réigiúin is forimeallaí de AE, ach in 2012 rinneadh TCT de. Tharla a mhalairt i gcás Mayotte in 2014 – ba TCT é agus rinneadh RF de le Cinneadh ón gComhairle.

Tábla: Sonraí faoi na Réigiúin is Forimeallaí

	Fad ón bpríomhchathair náisiúnta (km)	Achar (km ²)	Daonra	OTI per capita mar chéatadán de mheán AE (AE=100) (*)
AE 28	-	4 407 569.1	508 450 856	100
An Fhrainc***	-	633 186.6	66 415 161	106
an Phortaingéil	-	92 226.0	10 374 822	77
an Spáinn	-	505 944.0	46 449 565	90
na hAsóir	1 548	2 322.0	245 766	69.2
na hOileáin Chanáracha	1 850 (an meán do na hoileáin ar fad)	7 445.0	2 135 722	78.2
Guadalúip	7 578	1 681.6	393 392	73.1
Guáin na Fraince	7 841	83 533.9	262 527	58.4
Maidéara	1 041	802.0	256 424	73.39
Martinique	7 641	1 128.0	376 847	77.03
La Réunion	9 921	2 503.7	850 996	69.92
Saint-Martin (**)	6 700	86 (53 do thaobh na Fraince)	36 457	-
Mayotte	8 444	374.0	235 132	30.75

(*) Sonraí do 2015, seachas do na hAsóir, Maidéara agus Martinique (2014) agus Guadalúip (2016); Foinsí: Eurostat, Staidreamh – an Phortaingéil,
(**) Foinsí: INSEE (an Fhrainc), 2015 agus ‘Ministère Français des Outre-Mer’ (Aireacht na Fraince Thar Lear); níl aon sonraí faoi OTI le fáil le tamall anuas
(***) Tá na RFanna san áireamh in achar iomlán na Fraince ach níl na TCTanna.

Foinse: Sonraí 2015 ó Eurostat

CUSPÓIRÍ

Beag beann ar an bhfad mór idir iad agus mór-roinn na hEorpa, is cuid lárnach den Aontas Eorpach iad na réigiúin is forimeallaí, agus tá an *acquis communautaire* infheidhme ina iomláine ina gcríoch. Mar gheall ar a suíomh geografach ar leith agus na deacrachtaí lena mbaineann, ba ghá beartais de chuid AE a chur in oiriúint dá gcás sonrath, áfach.



Baineann na bearta ábhartha go háirithe le réimsí amhail beartais chustaim agus trádála, beartas fioscach, saorlimistéir, beartais talmhaíochta agus iascaigh, agus coinníollacha maidir le soláthar amhábhair agus táirgí bunriachtanacha do thomhaltóirí. Anuas air sin, is féidir na rialacha maidir le Státchabhair agus na coinníollacha maidir le rochtain ar Chistí Struchtúracha agus ar chláir chothrománacha AE a chur in oiriúint do riachtanais na réigiún sin (e.g. leithdháiltí speisialta ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) ar RFanna).

Seachas leithdháiltí speisialta CFRE, baineann RFanna leas freisin, i réimse na talmhaíochta, as cláir POSEI (Cláir de roghanna a bhaineann go sonrath le hiargúlacht agus le hoileánacht), arna gcistiú ó CERT (féach an tábla thíos). Tá na cláir sin dírithe ar dhá chineál beart:

- socruithe speisialta soláthair atá ceaptha laghdú a dhéanamh ar na costais bhreise soláthair a bhaineann le táirgí bunriachtanacha don duine, don phróiseáil nó lena n-úsáid mar ionchuir thalmhaíochta.
- bearta chun tacú leis an táirgeadh áitiúil talmhaíochta.

Don chlárthréimhse 2014-2020, tá tuairim is EUR 13 billiún á leithdháileadh ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (SIE) ar RFanna, mar seo a leanas:

Tábla: Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa 2014-2020 arna leithdháileadh ar RFanna

Cistí SIE arna leithdháileadh ar RFanna	(EUR billiún)
CFRE (lena n-áirítear leithdháiltí speisialta ar RFanna agus Comhar Críochach Eorpach (CCE))	5
Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) (lena n-áirítear an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (TFAO))	1.9
An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)	1.5
Cláir de chuid an Chláir de roghanna a bhaineann go sonrath le hiargúlacht agus le hoileánacht (POSEI) (arna gcistiú ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta — CERT)	4.6
Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI)	0.3
Iomlán	13.3

Foinse: An Coimisiún Eorpach, An Ceathrú Fóram maidir leis na Réigiúin is Forimeallaí, 30-31 Márta 2017

Ina togra don bheartas comhtháthaithe i ndiaidh 2020, bheartaigh an Coimisiún go leanfaí leis na leithdháiltí speisialta d'os cionn EUR 1.5 billiún ó CFRE ar RFanna. Gheobhaidh siad EUR 270 milliún freisin faoi chláir chomhair ('Interreg').



STRAITÉIS EORPACH MAIDIR LEIS NA RÉIGIÚIN IS FORIMEALLAÍ

I mí Dheireadh Fómhair 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht (COM(2017)0623) maidir le comhpháirtíocht straitéiseach athnuaite níos láidre leis na réigiúin is forimeallaí in AE. Moltar cur chuige nua sa straitéis chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na riachtanais shonracha atá ag gach ceann de na naoi réigiún is forimeallaí in AE. Ar an gcaoi sin, cabhrófar leo deiseanna nua a chruthú do na háitritheoirí, borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin nuálaíocht in earnálacha amhail an talmhaíocht, iascach nó turasóireacht, agus an comhar le tíortha in aice leo a neartú.

Tá an straitéis bunaithe ar cheithre cholún:

- múnla nua rialachais bunaithe ar chomhpháirtíocht láidir;
- cur le sócmhainní RFanna;
- cur leis an bhfás agus cruthú post, agus
- dlús a chur le comhar.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Cé gurb í an Chomhairle a dhéanann gach cinneadh maidir le cé na réigiúin a mbronntar stádas mar cheann de na réigiúin is forimeallaí orthu, tá ról gníomhach ag an bParlaimint maidir le tacú leis na RFanna.

Tá an chumhacht chéanna ag Parlaimint na hEorpa is atá ag an gComhairle maidir leis an reachtaíocht a bhaineann leis na beartais is tábhachtaí de chuid AE, amhail an beartas réigiúnach, talmhaíochta, iascaigh agus oideachais. Cuireann an Pharlaimint cás sonrach na réigiún is forimeallaí san áireamh ina cuid oibre agus tacaíonn sí le tionscnaimh atá dírithe ar bhorradh a chur faoina bhforbairt.

Le linn na gcaibidlíochtaí ar chreat rialála 2014-2020, thacaigh an Pharlaimint leis an bprionsabal gur cheart go mbeadh cóir dhifreáilte ann i gcás na réigiún is forimeallaí maidir le rátaí cómhaoinithe, forálacha speisialta CFRE maidir le hinfheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair, agus rialacha sonracha maidir le cláir CCE. Thairis sin, ghlac an Pharlaimint rún in 2014 maidir le 'barr feabhais a chur ar acmhainn na réigiún is forimeallaí trí shineirgí a chruthú idir na Cistí Struchtúracha agus cláir eile an Aontais Eorpaigh'. Sa rún sin, chuir sí in iúl go bhfuil tréithe speisialta ag RFanna agus chuir sí béim ar an ngá atá le sineirgí idir tacaíocht na gCistí Struchtúracha do RFanna agus na cláir ar leibhéal AE amhail Fís 2020, LIFE+ agus COSME.

Le déanaí, tá an Pharlaimint i mbun plé ar thuarascáil féintionscnaimh maidir le RFanna, atá dírithe ar chur chun feidhme Airteagal 349 CFAE, lena gcumhdaítear réimsí amhail beartas trádála, muirí agus comhtháthaithe AE, iascach agus fás gorm, an comhshaol agus fuinneamh.

Filipa Azevedo / Marek Kołodziejcki
05/2019

